Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2015

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

## Nascmhodúil

## LEIBHÉAL COMÓNTA

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta
# Scrúdú na Nascmhodúl
# 2015
# Scéim Mharcála

# Scrúdú Scríofa

**Marcanna Iomlána an Scrúdaithe 160**

| | |
|---|---|
| **Gradam** | **128 marc** |
| **Fiúntas** | **104 marc** |
| **Pas** | **80 marc** |

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Cuid 1**

| **C.1** | Cén saghas gnó a bhí Sylvia ag iarraidh a chur ar bun i dtús ama? | **1 mharc** |
|---|---|---|

Theastaigh uaithi stiúideo taifeadta a bhunú.

1m

| **C.2** | Cén fáth a raibh an saghas sin gnó oiriúnach do Sylvia? | **2 mharc** |
|---|---|---|

1. Rinne sí staidéar ar an innealtóireacht fuaime i gColáiste na Cuisle i nGaillimh.
2. Bhí sí ag obair i stáisiún raidió ar feadh dhá bhliain go leith.
3. Bhí suim riamh aici sa cheol agus i léiriú an cheoil.

2m
(1 + 1)

| **C.3** | Luaigh an bhearna sa mhargadh a d’aithin Sylvia de thoradh an staidéir féidearthachta a rinne sí. Tabhair breac-chuntas ar an gcúis a bhféadfadh Sylvia déanamh go maith sa mhargadh sin. **3 mharc** |
|---|---|

(i) Chun bannaí bainise gairmiúla a thaifeadadh agus iad ag seinm beo ag bainis. 1m

(ii)
1. Níl mórán bannaí ann a bhfuil taifeadadh maith gairmiúil acu díobh féin ag seinm ag bainis.
2. Bhí an trealamh ag Sylvia agus ag a cara cheana féin chun bannaí bainise a thaifeadadh.
3. Bheadh na bannaí sásta íoc as taifeadadh beo maith díobh féin.
4. Glacann sé níos lú ama agus airgid na bannaí a thaifeadadh beo ag bainis agus athmháistriú a dhéanamh ar an taifeadadh sin sa stiúideo.

2m
(0/2)

**Cuid 2**

| **C.4** | Cad a d’fhoghlaim Sylvia as an taithí a bhí aici cheana féin ar ghnó a reáchtáil. | **4 mharc** |
|---|---|---|

1. Bhí baint aici le mionchomhlacht le haghaidh Ghairmchlár na hArdteistiméireachta/áit ar fhoghlaim sí an tábhacht a bhaineann le do ghnó a fhógairt.
2. D’fhoghlaim sí chomh maith conas cúrsaí airgeadais a choinneáil faoi smacht/e.g. baileoidh sí éarlais ó gach banna sula ndéanfaidh sí an taifeadadh, agus íocfar an fuílleach nuair a bheidh an taifeadadh déanta.

2 @ 2m
(0/2)

| **C.5** | Mínigh na cineálacha tacaíochta a d’fhéadfadh an Oifig Fiontar Áitiúil a thairiscint do Sylvia. **4 mharc** |
|---|---|

1. Tá siad in ann deontais a chur ar fáil le haghaidh costais tionscnaimh, e.g. trealamh/staidéar indéantachta.
2. Tá clár forbartha tuaithe ann má tá an gnólacht le bunú i gceantar tuaithe.
3. Tá cúrsa ‘Tosaigh do Ghnó Féin’ á reáchtáil ag an Oifig Fiontar Áitiúil gach oíche Luain ar feadh sé mhí/clúdaíonn sé gach gné de ghnó nua a bhunú/plean gnó/tacaíochtaí do ghnó nua.

2 @ 2m
(0/2)

| | |
|---|---|
| **C.6** | Tabhair breac-chuntas ar na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus is gá a réiteach sular féidir le Sylvia dul ar aghaidh leis an smaoineamh atá aici don ghnó. **4 mharc** |

1. Seirbhís aon uaire atá á cur ar fáil aici agus ní bheidh ar na bannaí níos mó ná bainis amháin a thaifeadadh/an tseirbhís a úsáid uair amháin.
2. Ní mór di a fháil amach cé mhéad banna bainise atá ag casadh lena léiriú go bhfuil spriocmhargadh aici.
3. Ní mór cúrsaí airgeadais a chinntiú e.g. cé mhéad a d'íocfadh banna bainise as an taifeadadh.
4. Ní mór di a plean gnó a fheabhsú, ceisteanna ar leith a fhreagairt a bhaineann leis an éileamh/chun tacaíocht a fháil ón Oifig Fiontar Áitiúil.

2 @ 2m
(0/2)

**Cuid 3**

| | |
|---|---|
| **C.7** | Thug Seán breithiúnas géar ar roinnt gnéithe de phlean gnó Sylvia. Mínigh an tábhacht a bhaineann le plean gnó. Mol slite a bhféadfadh Sylvia feabhas a chur ar a plean gnó don chéad chruinniú eile a bheidh aici le Seán. **6 mharc** |

(i)

1. Tá plean gnó tábhachtach chun inmharthanacht an ghnólachta a léiriú/fadhbanna/laigí a léiriú.
2. Cáipéis thábhachtach é chun infheisteoirí a spreagadh.
3. Treoir mhaith atá ann chun gnólacht/foireann/acmhainní a bhainistiú.
4. Leagann amach spriocanna/cuspóirí/is féidir é a úsáid chun dul chun cinn a sheiceáil.

1 @ 2m
(0/2)

(ii)

1. Ní mór do Sylvia a chruthú go bhfuil éileamh ann ar thaifeadadh gairmiúil beo agus go mbeidh gnó athuaire ann/ainm na mbannaí a bhreacadh síos/an táille a bheidís sásta a íoc as an tseirbhís.
2. Is gá di a léiriú cén chaoi a dtuillfear ioncam/d'fhéadfaidís spás a dhíol ar a suíomh gréasáin chun seirbhísí bainise eile a fhógairt/tá rogha 'click per view' ar fáil ar YouTube.
3. Is gá dóibh béim a chur ar a bpróifíl ar Facebook agus Twitter.
4. Teastaíonn tuilleadh forbartha ar na rannáin den phlean a bhaineann leis an táirge, le cúrsaí airgeadais agus le margaíocht.
5. Banna a thaifeadadh roimh an gcéad chruinniú eile chun sampla dá gcuid oibre a thaispeáint.

2 @ 2m
(0/2)

| | |
|---|---|
| **C.8** | Mínigh na buntáistí a bhaineann leis an gClár Meantóireachta atá á thairiscint ag an Oifig Fiontar Áitiúil. **6 mharc** |

1. Sa Chlár Meantóireachta tugtar comhairle agus treoir phraiticiúil, iontaofa, duine le duine, ó dhuine a bhfuil taithí gnó aige.
2. Is féidir leo éisteacht/cuidiú le réimsí óna dteastaíonn feabhas a shainaithint.
3. Cuidíonn siad trína gcuid tuairimí a chur in iúl go neamhspleách, bunaithe ar a gcuid eolais/le cuidiú le cuideachta ina phróiseas cinnteoireachta.
4. Is féidir leo bheith páirteach sna réimsí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Bainistíocht ghinearálta | Eagrúchán Corparáideach |
| Airgeadas | Plean gnó |
| Margaíocht | Pleanáil agus dearadh suímh ghréasáin |

3 @ 2m
(1 + 1)

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**C.1** Bunaithe ar a bhfuil léite agat den chás-staidéar sin mínigh **trí cinn** de na téarmaí seo a leanas:
- Ráiteas Misin
- Páirtithe leasmhara
- Comhionannas deiseanna
- Fiontraí
- CV

**6 mharc**

1. Cáipéis oifigiúil is ea Ráiteas Misin ina leagtar amach spriocanna, cuspóir, luachanna, prionsabail agus obair cuideachta nó eagraíochta.
2. Páirtithe Leasmhara – duine, grúpa nó eagraíocht atá anseo (custaiméirí, fostaithe, pobal áitiúil, grúpaí sainleasa, soláthróirí, infheisteoirí, rialtas, fiontraithe)/a bhfuil suim nó leas acu in eagraíocht/aon duine a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar eagraíocht, straitéis nó tionscadal nó a bhfuil tionchar ag eagraíocht, straitéis nó tionscadal orthu.
3. Is é is ciall le comhionannas deiseanna go gcaitear go cóir/cothrom le gach iarrthóir ar phost nua nó ardú céime gan aon leithcheal (idirdhealú) (cine, creideamh nó sampla de leithcheal).
4. Fiontraí – duine a úsáideann a thionscnaíocht féin/a cheapann deis/smaoineamh gnó nua, a ghlacann an riosca agus a thosaíonn gnó nua chun brabús a dhéanamh.
5. CV – Curriculum Vitae, cáipéis a úsáidtear chun iarratas a dhéanamh ar phost/a úsáidtear agus fostaíocht á lorg/taispeánann sé sonraí pearsanta, cáilíochtaí agus taithí fostaíochta duine.

3 @ 2m
(1 + 1)

**C.2** (i) Mínigh an téarma 'Freagracht Chorparáideach Shóisialta' (FSC).
(ii) Tabhair breac-chuntas ar bheartas sa fhreagracht chorparáideach shóisialta atá curtha i bhfeidhm ag Roibeard agus Máire in Earcaigh Mé Teo.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar na réimsí a bheadh á moladh ag Earcaigh Mé Teo. do ghnólacht eile lena gcur san áireamh i straitéis fhreagracht chorparáideach shóisialta. **12 mharc**

(i) Cleachtas gnó atá sa Fhreagracht Chorparáideach Shóisialta lena mbaineann rannpháirtíocht i dtionscnaimh/a théann chun tairbhe na sochaí/an phobail áitiúil.

2 @ 2m
(0/2)

(ii) 1. Bhunaigh Robert agus Maria Clár Gairmeacha saor in aisce 2m
(0/2)

áirítear ann próifíl phroifisiúnta a fhorbairt/CV a ullmhú/cleachtadh a dhéanamh ar theicnící maithe agallaimh/cuireann siad tacaíochtaí fostaíochta/meaitseála poist ar fáil chomh maith.

2 @ 1m

**nó**

2. Tugann siad tacaíocht d'fhiontair nuabhunaithe mar seo a leanas:
deasca a bhfuil na seirbhísí go léir ar fáil orthu ar cíos ainmniúil/teacht ar áiseanna cló, leathanbhanda agus cumarsáide/tacaíocht nuair atá iarratas á dhéanamh ar dheontais/cúnamh le saincheisteanna dlí agus cánach.

(iii) Mholfadh Earcaigh Mé Teo. na nithe seo a leanas:

1. An gá le méid áirithe den fhreagracht shóisialta a chur i bhfeidhm – bheith páirteach sa phobal áitiúil uair ar bith is féidir - (meantóirí/urraíocht/cuairt isteach/amach/taithí oibre/etc.)
2. Beidh gá le dul i gcomhairle leis an bhfoireann/leis an bpobal áitiúil maidir leis an mbeartas freagrachta sóisialta corparáidí/le cuidiú le cinneadh a dhéanamh faoi bheartas cuí freagrachta sóisialta corparáidí.
3. Feasacht ar chúrsaí timpeallachta (crainn a chur, cóireáil uisce, monatóireacht ar dhramhaíl).
4. Coinníollacha oibre na bhfostaithe, nósanna imeachta na hearcaíochta, cleachtais oiliúna agus ardú céime/an gá le haitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le cothrom na féinne, le comhionannas deiseanna, agus le luach gach cineál oibre.

2 @ 2m
(0/2)

| | | |
|---|---|---|
| **C.3** | (i) | Mínigh an téarma 'éagsúlú' de réir mar a úsáidtear sa chás-staidéar é. |
| | (ii) | Pléigh na cúiseanna a bhfuil sé tábhachtach do ghnólacht éagsúlú a dhéanamh. |
| | | **12 mharc** |

(i) Straitéis ghnó is ea éagsúlú atá deartha chun **riosca** a laghdú trí dheiseanna nua margaidh a fheiceáil agus a úsáid dá dtáirgí/seirbhísí trí úsáid a bhaint as a scileanna atá ann cheana chun seirbhísí comhlántacha a chur ar fáil nó trí leathnú i margadh iomlán éagsúil.

Sa chás-staidéar, bhí Roibeard agus Máire róspleách ar ghnó ceithre chomhlacht mhóra ilnáisiúnta agus, dá bhrí sin, rinne siad éagsúlú i réimsí eile mar iad seo a leanas:

1. A straitéis Freagrachta Sóisialta Corparáidí a fhairsingiú chun tacaíochtaí a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist i margadh na hÉireann.
2. Comhairle a chur ar chuideachtaí eile maidir le straitéisí freagrachta sóisialta corparáidí.
3. Tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhiontair nuabhunaithe.

2 @ 2m
(0/2)

(ii) Seo a leanas na cúiseanna ba cheart do ghnó éagsúlú:

1. Chun an chuideachta a chosaint i gcúlú eacnamaíochta + fairsingiú bailí.
2. Riosca na cuideachta a scaipeadh trí gan a bheith ag brath ar tháirge amháin nó dhó/trí gan a bheith ag brath ar fhoinse ioncaim amháin nó dhó/e.g. má théann soláthraí amháin as gnó, beidh dóthain gnó acu le brabús a dhéanamh go fóill.
3. Gan bheith ag brath ar tháirgí a bhfuil luaineacht shéasúrach acu trí earraí/seirbhísí a chur ar fáil a bhfuil timthriallta éilimh éagsúla acu.
4. Chun a chur ar chumas na cuideachta fairsingiú ionas go ngnóthófar brabús níos mó.
5. Cosaint a thabhairt ar ghnólachtaí iomaíocha e.g. d'fhairsingigh Tesco agus Dunnes Stores i dtairiscintí ar earraí leictreacha le dul in iomaíocht le tairiscintí speisialta a rinne Aldi/Lidl/an iomaíocht.
6. Chun úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní atá ag an ngnólacht cheana. D'fhéadfadh sé nach bhfuil leas iomlán á bhaint ag an ngnólacht as a fhoireann agus as a chuid trealaimh.

4 @ 2m
(1 + 1)
8 marc

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.1 Is gné riachtanach í an phleanáil má tá rath le bheith ar ghníomhaíocht ar bith**.

| (a) | Ainmnigh gníomhaíocht i nGairmchlár na hArdteistiméireachta a raibh pleanáil i gceist inti, agus tabhair breac-chuntas achomair ar an ngníomhaíocht sin. | **4 mharc** |
|---|---|---|

| | |
|---|---|
| Ainm | 2m |
| Breac-chuntas ar an ngníomhaíocht | 2m<br>(1 + 1) |

| (b) | Mínigh **trí** bhuntáiste don ghníomhaíocht sin atá le baint as an bpleanáil. | **6 mharc** |
|---|---|---|

1. Sainíonn sí na spriocanna/aidhmeanna/cuspóirí ionas go mbeidh gach duine ar an eolas faoin gcuspóir atá le baint amach.
2. Is féidir aon laigí a aithint agus dul i ngleic leo.
3. Cuireann pleanáil ord agus soiléire le gníomhaíocht/tugann sí deis amfhráma agus spriocamanna a leagan amach a chinntíonn go mbíonn gach duine ar an mbóthar ceart.
4. Is féidir na riachtanais/acmhainní a thuar e.g. airgeadas, foireann, áitreabh, ábhair etc.
5. Sainítear róil agus dualgais gach baill den fhoireann/bíonn gach duine ar an eolas faoin gcuspóir atá le baint amach.
6. Cuireann an phleanáil bonn faoin monatóireacht ar thorthaí/rath a tomhas/dul chun cinn na gníomhaíochta a sheiceáil ach comparáid a dhéanamh leis an bplean/le feiceáil an gá aon athruithe/cinntí a dhéanamh.

3 @ 2m
(1 + 1)

| (c) | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhodh éagsúla taighde a úsáideadh chun teacht ar an eolas a bhí riachtanach don ghníomhaíocht sin. | **6 mharc** |
|---|---|---|

**Ní mór baint shainiúil a bheith ag an modh taighde leis an ngníomhaíocht a ainmníodh i gcuid (a)**.

1. Idirlíon
2. Agallamh pearsanta
3. Teileafón/litir/ríomhphost chuig eagraíocht/Príomhoide
4. Suirbhéanna/ceistneoirí
5. Leabharlann
6. Ransú smaointe/díospóireacht sa rang

3 @ 2m
(1 + 1)

| (d) | Pléigh **trí** mhodh a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht sin. | **9 marc** |
|---|---|---|

1. Ceistneoir – is féidir é a thabhairt don rang/do na daoine ar fad a bhí páirteach.
   - Tá sé éasca torthaí a riar/a chur in ord is in eagar.
   - Is féidir é a chomhlánú gan ainm.
   - Tríd is tríd, ní bhíonn sé costasach.
   - Is iondúil go mbíonn ráta freagartha go maith.
   - Má dheartar i gceart é, tig leis bheith oibiachtúil.
2. Iarraidh ar an múinteoir/duine bainteach tuairim a chur in iúl.
   - Tugann sé sin deis don rang scileanna cumarsáide a chleachtadh.
   - Mura bhfuil na ceisteanna soiléir, is féidir iad a mhíniú.
   - Tá sé an-éasca le heagrú agus le déanamh.
   - Níl aon chostas ag baint leis.
   - Is féidir aiseolas/athbhreithniú ionraic a fháil faoin ngníomhaíocht.

3. Is féidir tuairisc scríofa a tháirgeadh.
    - Tugann an fhaisnéis a thugtar sa tuairisc deis don léitheoir léargas maith a fháil ar an ngníomhaíocht.
    - Modh éasca atá ann le húsáid mar gur gá do bhaill an ranga tuairisc a tháirgeadh d'Fhillteán na hOibre Cúrsa.
    - Is féidir tuairiscí a phlé/a chur i gcomparáid i dtaobh cáilíochta agus ábhair.

4. Athbhreithniú ar obair foirne – cad iad na gnéithe den obair foirne ar éirigh leo agus nár éirigh leo?
    - Ar oibrigh baill na foirne ar fad go maith mar fhoireann?
    - An raibh baill an ranga ar fad ar an eolas faoina ról agus faoina bhfeidhm?
    - Cén chaoi ar láimhseáladh coimhlintí?

5. Plé ranga – tuairimí agus plé ar an ngníomhaíocht.
    - Tá sé éasca le heagrú.
    - Is féidir réimse tuairimí a thabhairt.
    - Tá deis labhartha ag gach duine.

6. Athbhreithniú ar aidhmeanna/cuspóirí
    - Ar bhaineamar ár n-aidhmeanna/cuspóirí amach/e.g. brabús?
    - Cén chaoi ar chruthaíomar gur bhaineamar amach ár n-aidhmeanna/cuspóirí?

3 @ 3m
(1 + 1 + 1)
1m – Modh
1m – Míniúchán
1m – Fáth

**C.2 Comhlíonann eagraíochtaí deonacha ról tábhachtach inár bpobail áitiúla**.

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | (i) | Ainmnigh eagraíocht dheonach atá i do cheantar. | |
| | (ii) | Mínigh an téarma 'oibrí deonach'. | **3 mharc** |

(i) Ainm na heagraíochta deonaí — 1m

(ii) Sainmhíniú ar oibrí deonach: duine a oibríonn chun tairbhe daoine eile/cúise ar leith/na sochaí gan a bheith ag súil le haon airgead as a chuid oibre.

2m
(1 + 1)

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Mínigh an difríocht idir eagraíocht dheonach agus gnólacht tráchtála. | **6 mharc** |

3 @ 2m
(1 + 1)

| Eagraíochtaí Deonacha | Gnólacht Tráchtála |
|---|---|
| 1. Braitheann siad ar dhaoine a oibríonn gan phá e.g. oibrithe deonacha. | 1. Fostaíonn siad foireann agus íocann siad pá le hoibrithe. |
| 2. Ní dhéanann siad brabús/bainteach le saincheisteanna sóisialta. | 2. Spreagtha ag brabús a dhéanamh. |
| 3. Maoinithe ag síntiúis/deontais/bailiú airgid. | 3. Bailíonn siad cistí trí iasachtaí, infheisteoirí. |
| 4. Tá siad freagrach dóibh siúd a bhaineann úsáid as seirbhísí/cliaint. | 4. Tá siad freagrach do scairshealbhóirí/d'úinéirí. |
| 5. Mar chuspóir acu cuidiú le daoine eile. | 5. Mar chuspóir acu táirge a tháirgeadh/seirbhís a sholáthar. |
| 6. Déanann tairbhe an phobail. | 6. Déanann tairbhe úinéirí/infheisteoirí. |

| | | |
|---|---|---|
| (c) | Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** shlí ina mbaineann pobal áitiúil leas as eagraíocht dheonach a bheith sa cheantar. | **8 marc** |

1. Cuireann siad seirbhísí ar fáil don phobal/cuidíonn siad le daoine a bhfuil cabhair ag teastáil uathu/tacaíonn siad le cúis áitiúil.
2. Is féidir leo fostaíocht a chruthú trí fhoireann lánaimseartha a fhostú/deiseanna a thabhairt d'oibrithe deonacha uasoiliúint a fháil.
3. Is féidir le daoine óga taithí oibre a fháil leo agus is féidir leo taithí a fháil ar an obair a dhéanann an eagraíocht dheonach.
4. Is féidir áiseanna nó an timpeallacht áitiúil a fheabhsú/bailte slachtmhara.
5. Cothaítear spiorad pobail maith/cothaítear ómós sa cheantar áitiúil/D'fhéadfadh méadú teacht ar an líon oibrithe deonacha/ tugtar deis do dhaoine obair dheonach a dhéanamh.
6. D'fhéadfaí na deontais a fhaightear a úsáid go háitiúil e.g. acmhainní nó áiseanna áitiúla a fheabhsú.

4 @ 2m
(1 + 1)

| | | |
|---|---|---|
| (d) | Mínigh na dualgais eiticiúla a bhíonn ar oibrithe deonacha agus iad ag obair d'eagraíocht dheonach. | **8 marc** |

1. Ní mór go mbeadh oibrithe deonacha iontaofa agus tiomanta don eagraíocht dheonach/iarracht a dhéanamh na tascanna a thugtar dóibh a dhéanamh chomh maith is atá siad in ann/feidhmiú de réir spriocanna na heagraíochta deonaí.
2. Rúndacht – ba cheart d'oibrithe deonacha a aontú gan faisnéis a fhaigheann siad agus obair dheonach á déanamh acu a nochtadh.
3. Diúltú do shochair a ghlacadh – níor cheart d'oibrithe deonacha tairbhe ar bith a fháil ó chliaint na heagraíochta deonaí ná ó aon duine eile.
4. Coimhlint leasa a sheachaint – idir a ngníomhaíocht agus an ról atá acu san eagraíocht dheonach.
5. Iompar mí-eiticiúil a thuairisciú – lena n-áirítear míleithreasú cistí/iompar mídhleathach.
6. Dualgais i leith na gcliant/na mball –meas a bheith acu orthu/caitheamh leo le dínit/a bheith freagrach/foighneach/fulangach/gan leithcheal a dhéanamh/meas a bheith acu ar dhifríochtaí an duine aonair.
7. A bheith iontaofa/meas a bheith acu ar mhaoin na heagraíochta deonaí/dea-sheasamh na heagraíochta deonaí a chosaint/a bheith poncúil/macánta/iontaofa.
8. A chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha acu chun an post a dhéanamh/freastal ar na seisiúin oiliúna go léir agus an fhaisnéis a fhaightear a úsáid san obair.

4 @ 2m
(1 + 1)

**C.3 Tugann taithí oibre/scáthfhoghlaim léargas tábhachtach duit ar shaol na hoibre**.

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Luaigh **trí** mhodh chun socrúchán oibre a fháil. | **3 mharc** |

1. Teagmhálaithe pearsanta/teaghlach/múinteoirí/scéal ó bhéal go béal
2. CVanna/litreacha a sheoladh chuig fostóirí féideartha
3. Cuairt phearsanta
4. Teileafón
5. Ó obair pháirtaimseartha
6. An tIdirlíon/nuachtáin náisiúnta a úsáid
7. Ríomhphoist a sheoladh.

3 @ 1m

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Scríobh litir chuig fostóir de do rogha féin, ag lorg socrúchán oibre ar feadh trí lá. | **10 marc** |

| | |
|---|---|
| Seoltaí | 1m |
| Dáta | 1m |
| Beannacht oscailte/dúnta | 1m |
| Cur i láthair | 2m |
| Dátaí na taithí oibre/na scáthfhoghlama | 1m |
| Alt dúnta (*CV faoi iamh) | 2m |
| Leagan amach – ailt/ionad na seoltaí/an t-imprisean foriomlán | 2m |

*mír éigeantach

| | | |
|---|---|---|
| (c) | Mínigh trí thréith a thugann buntáiste don té atá ag lorg fostaíochta. | **6 mharc** |

1. Dícheallach – tá daoine táirgiúla, dícheallacha níos fearr do ghnó.
2. Dea-chumarsáidí – is gá go mbeidh daoine in ann cumarsáid a dhéanamh le bainisteoirí, oibrithe eile agus custaiméirí.
3. Poncúlacht – Tá sé ríthábhachtach go mbíonn gach oibrí in am don obair.
4. Oibriú mar chuid d'fhoireann – gné lárnach den ionad oibre is ea bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann. Ní mór go réiteodh oibrithe le baill foirne eile agus a dtascanna féin a dhéanamh.
5. Taispeánann siad tionscnaíocht – Teastaíonn fostaithe ó fhostóirí ar féidir leo obair a dhéanamh astu féin agus nach dteastaíonn treoir sheasta uathu/meon dearfach.
6. Macánta/iontaofa – Tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh oibrithe lá macánta oibre dá luach saothair. Ní dhéanfaidh fostaí damáiste do mhaoin an fhostóra agus ní ghoidfidh sé/sí aon rud.

*Níl an liosta seo uileghabhálach* 3 @ 2m
(1 + 1)

| | | |
|---|---|---|
| (d) | Déan cur síos ar **thrí** shlí inar ullmhaigh do rannpháirtíocht i dtaithí oibre do shaol na hoibre thú. | **6 mharc** |

1. Tugann sí taithí phraiticiúil ar an bpost/ngairm a bhfuil suim agat ann.
2. Saol na hoibre/cén t-iompar/meon a bhfuiltear ag súil leis uait e.g. coimeád ama maith, fad an lae oibre/na cáilíochtaí a theastaíonn.
3. Forbraítear scileanna nua cosúil le hobair mar fhoireann agus scileanna idirphearsanta.
4. Is féidir féinmheas/féinmhuinín a fheabhsú. Mar thoradh ar bheith rannpháirteach i dtaithí oibre agus cásanna éagsúla a láimhseáil, is féidir d'fhéinmheas/d'fhéinmhuinín a mhéadú/idirghníomhú le daoine fásta eile seachas an múinteoir.
5. Is féidir leis cuidiú le CV a ullmhú/foirmeacha iarratais a chomhlánú/teicnící maithe agallaimh mar is gá é sin ar fad a dhéanamh chun taithí oibre a fháil.

3 @ 2m
(1 + 1)

**C.4 Bíonn tionchar ag gnólachtaí dea-rialaithe ar fhostóirí, ar fhostaithe, agus ar an timpeallacht.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | (i) | Cad is ceardchumann ann? | |
| | (ii) | Ainmnigh **dhá** cheardchumann. | **5 mharc** |

(i) Eagraíocht oibrithe atá i gceardchumann/a dhéanann iarracht pá/coinníollacha oibre a oibrithe a fheabhsú/déanann sé ionadaíocht thar ceann oibrithe i ndíospóidí.

3 @ 1m

(ii) Ainmnigh dhá cheardchumann
TUI/ASTI/INTO/INMO/SIPTU/IMPACT/UNITE/MANDATE/NBRU 2 @ 1m

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** bhuntáiste a bhaineann le bheith i do bhall de cheardchumann. | **8 marc** |

1. Déanann ceardchumainn idirbheartaíocht le fostóirí maidir le pá agus coinníollacha.
2. Déanfaidh ceardchumann ionadaíocht thar ceann a mball i rith athruithe móra san ionad oibre cosúil le hiomarcaíochtaí ar scála mór.
3. Is féidir leo faisnéis, comhairle agus tacaíocht a thabhairt dá mbaill.
4. Is féidir leo áiseanna oideachais agus oiliúna a chur ar fáil.
5. Déanann siad eadráin le fostóirí chun díospóidí/eachtraí bulaíochta a réiteach.
6. Bíonn dlúthpháirtíocht níos fearr ann i measc oibrithe mar gheall ar cheardchumainn.
7. Sochair do thomhaltóirí cosúil le hárachas/VHI ar lascaine.

4 @ 2m
(1 + 1)

| | | | |
|---|---|---|---|
| (c) | (i) | Mínigh cad is conradh fostaíochta ann. | |
| | (ii) | Ainmnigh **ceithre** mhír ba chóir a bheith san áireamh i gconradh fostaíochta. | **6 mharc** |

(i) Cáipéis **scríofa***/idir fostóir agus fostaí ina sonraítear na téarmaí agus coinníollacha faoina dtoilíonn duine tabhairt faoin obair a bhfostaítear iad lena déanamh/chun pá nó tuarastal comhaontaithe a fháil.

2m
(1 + 1)
*mír éigeantach

(ii) Ainmnigh **ceithre** mhír ba chóir a bheith san áireamh i gconradh fostaíochta.

1. Taispeánann sé sonraí maidir le pá/tuarastal, cé mhéad is ceart a íoc/cén uair a dhéantar íocaíochtaí/modh íocaíochta/bónas ragoibre.
2. Teidlíochtaí saoire cosúil le cén uair a thosaíonn an bhliain oibre/cén uair is féidir saoire a thógáil/luaitear go soiléir ann an líon laethanta saoire a cheadaítear.
3. Áirítear ann teidlíochtaí do shaoire bhreoiteachta cosúil leis an líon laethanta sula dteastaíonn teastas/sonraí maidir leis an méid a íoctar agus tú tinn.
4. Leagtar amach go soiléir sonraí an phoist atá le déanamh/teideal an phoist.
5. Ba cheart cód iompair/gnás casaoide a thaispeáint ann e.g. an duine a dhéileálann le gearáin agus an chaoi ar cheart gearán a dhéanamh.
6. Ba cheart mionsonraí a thabhairt sa chonradh ar shaoire reachtúil ar nós saoire do thuismitheoirí/ saoire mháithreachais.
7. Ba cheart ainm/seoladh an fhostóra agus ainm/seoladh an fhostaí a lua go soiléir ann.
8. Ba cheart dáta tosaigh nó fad an chonartha d'fhostaithe a thaispeáint sa chonradh.
9. Ní mór don fhostaí an conradh a shíniú.

4 @ 1m

| | |
|---|---|
| (d) | Déan cur síos ar **thrí** fhreagracht atá ar fhostóir maidir le rialúcháin sláinte agus sábháilteachta. **6 mharc** |

1. Ráiteas sábháilteachta a ullmhú (cáipéis ina leagtar amach an chaoi a mbainistíonn an chuideachta sláinte agus sábháilteacht/a gcinntítear go ndéantar measúnú ar rioscaí).
2. Coinníollacha sábháilte oibre/áiseanna cearta/sosanna/saoire a sholáthar/innill a úsáid mar is ceart etc. Ní mór don fhostóir a chinntiú go bhfuil trealamh sábháilte agus inoibrithe/oiliúint/treoir chuí a chur ar fáil
3. Trealamh Cosanta Pearsanta a chur ar fáil nuair is gá e.g. gloiní cosanta, buataisí le bairbín cruach, clogaid, clogaid oibre, cosaint cluaise, lámhainní, naprúin, eangacha gruaige etc.
4. Dóthain comharthaí a thaispeáint, druileanna dóiteáin/trealamh dóiteáin/bealaí éalaithe dóiteáin.
5. Bearta a dhéanamh chun bulaíocht a chosc. Ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm chun déileáil le ciapadh; ba cheart déileáil leis na saincheisteanna sin láithreach.
6. Oifigeach Sábháilteachta a cheapadh/timpistí a chur in iúl don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta

3 @ 2m
(1 + 1)

**C.5 Iarradh ort fiosrú a dhéanamh faoi ghairm de do rogha féin.**

| (a) | Cad is fiosrú gairme ann? | **2 mharc** |
|---|---|---|

Is é is fiosrú gairme ann/taighde a dhéantar chun faisnéis a fháil faoi phost/gairm ar leith/lena n-áirítear na scileanna agus cáilíochtaí riachtanacha chun an post a dhéanamh/mar aon leis na bealaí isteach chuig an bpost/gairm.

2m
(1 + 1)

| (b) | (i) Ainmnigh gairm a d'fhiosraigh tú.<br>(ii) Liostaigh na céimeanna a d'fhéadfaí a úsáid chun an ghairm sin a fhiosrú. | **5 mharc** |
|---|---|---|

(i) Ainm na gairme — 1m

(ii) Na céimeanna a úsáidtear chun an ghairm sin a fhiosrú:

1. Cur síos ar an ngairm/na dualgais a ghabhann léi
2. Scileanna/cáilíochtaí a theastaíonn don ghairm
3. Múinteoir Gairmthreorach
4. Céim féinmheasúnaithe/suimeanna scileanna/DATS/ábhair Ardteistiméireachta
5. Cuardach cúrsa/roghanna oideachais e.g. Careers Portal, Qualifax
6. Foghlaim taobh amuigh den rang – agallamh a chur ar dhuine sa ghairm/freastal ar laethanta oscailte/foghlaim san ionad oibre
7. Measúnú

4 @ 1m

| (c) | Luaigh **dhá** ábhar Ardteistiméireachta atá riachtanach don ghairm sin.<br>Mínigh an bhaint atá ag na hábhair sin le do rogha gairm. | **6 mharc** |
|---|---|---|

| | |
|---|---|
| Luaigh an dá ábhar | 2 @ 1m |
| Mínigh an bhaint atá ag na hábhair leis an ngairm | 2 @ 2m<br>(1 + 1) |

| (d) | Déan cur síos ar **dhá** shlí chun dul isteach sa ghairm a roghnaigh tú. Bain úsáid as ceannteidil oiriúnacha. | **12 mharc** |
|---|---|---|

Teideal an Chúrsa
Achar Ama
Ainm/Láthair an Choláiste
Pointí/riachtanais iontrála
Sonraí an chúrsa
Cáilíocht deiridh/ainm na cáilíochta

[6 @ 1m] x 2

**C.6 Tá sé beartaithe ag do rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta fiontar nua Banda Fite a bhunú chun airgead a bhailiú do charthanas áitiúil**.

| (a) | Liostaigh **ceithre** mhodh chun smaointe a ghiniúint. | **4 mharc** |
|---|---|---|

1. Ransú smaointe/bosca moltaí/meabhairmhapa/plé ranga/mataí boird/fiafraí den mhúinteoir.
2. Cóipeáil smaoineamh ó ghnó roimhe seo.
3. Déan taighde margaidh/idirlín/suirbhéanna/ceistneoirí.
4. Déan staidéar ar chaitheamh aimsire/ábhair suime.
5. Féach ar na rudaí atá ar díol i siopaí.
6. Mionathraigh smaointe iomaitheora/smaointe ón gcoigríoch.
7. Réitigh a aimsiú ar fhadhbanna.
8. Bearnaí sa mhargadh a aithint. 4 @ 1m

(b) Bainfear úsáid as ceistneoirí mar chuid den taighde margaidh a dhéanfar don táirge seo.
(i) Cad is taighde margaidh ann?
(ii) Ainmnigh **trí** mhodh, seachas ceistneoir, is féidir a úsáid mar uirlis taighde margaidh.
**5 mharc**

(i) Is é is taighde margaidh, bailiú, taifeadadh agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a bailíodh/tugann sé deis duit cinntí a dhéanamh maidir le dul chun cinn i ngnó.
2 @ 1m

(ii) Modhanna taighde margaidh
Agallaimh/sampláil/staidéir phainéil/breathnú/idirlíon/teileafón/taifid reatha/foilseacháin rialtais
3 @ 1m

(c) Mínigh **ceithre** mhíbhuntáiste a bhaineann le ceistneoir a úsáid mar uirlis taighde margaidh.
**8 marc**

1. Má fhágtar ceist ar lár, seans nach mbeidh deis iarraidh ar an bhfreagróir arís go háirithe mura bhfuil ainm leis.
2. Tá seans ann nach bhfreagróidh daoine ceisteanna go hionraic/ceisteanna/freagraí claonta/ceisteanna treoraithe/ceisteanna dúnta.
3. Is féidir leis bheith deacair dóthain freagraí a fháil ar cheistneoir poist nó ar cheistneoir is gá don fhreagróir a sheoladh ar ais.
4. Tig le freagróirí neamhaird a dhéanamh de cheisteanna áirithe; b'fhéidir nach mbeidís sásta ceist a fhreagairt mar nach dteastaíonn uathu faisnéis a nochtadh fúthu féin.
5. D'fhéadfadh freagróirí an bhrí mhícheart a bhaint as ceisteanna de bharr drochdhearadh agus teanga athbhríoch agus cuirfidh sé sin na torthaí ar sceabha.
6. Má tá ceistneoir rófhada nó róchasta, d'fhéadfaí bheith bréan de/glacann sé an iomarca ama.
7. Níl ceistneoirí oiriúnach do dhaoine lagamhairc.
8. Bíonn sé deacair sampla cuí a fháil/chun do spriocmhargadh a léiriú/d'fhéadfadh sé nach bhfuil an sampla ionadaíoch don spriocmhargadh.
9. Tá ceistneoirí costasach le riar/priontáil/seachadadh.

4 @ 2m
(1 + 1)
1m – ráiteas
1m – míbhuntáiste

| | |
|---|---|
| (d) | Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí úsáid éifeachtach a bhaint as Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) san fhiontar sin. **8 marc** |

1. D'fhéadfaí foilsitheoireacht deisce a úsáid chun póstaeir a dhéanamh chun an fiontar a chur chun cinn agus a fhógairt /lipéid/póstaeir a phriontáil.
2. D'fhéadfaí láithreacht ar na meáin shóisialta, cosúil le Facebook agus Twitter, a úsáid chun faisnéis agus nuashonruithe a chur ar fáil faoi na bandaí fite. D'fhéadfaí í a úsáid chomh maith chun orduithe a thógáil.
3. D'fhéadfaí an tIdirlíon/suíomh gréasáin/áiseanna ar líne a úsáid chun amhábhair a aimsiú agus a ordú ar an gcostas is ísle/fógraíocht etc.
4. D'fhéadfaí ríomhphost/fóin phóca/teachtaireachtaí meandracha a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le daoine lena mbaineann/d'fhéadfadh an rang iad a úsáid le fanacht i dteagmháil.
5. D'fhéadfaí próiseáil focal a úsáid chun sonraisc agus cáipéisí riachtanacha eile a chruthú. D'fhéadfaí an áis postchumaisc a úsáid chun comhfhreagras a sheoladh.
6. D'fhéadfaí clár bhunachar sonraí a úsáid chomh maith chun sonraí gach custaiméara a eagrú.
7. D'fhéadfaí scarbhileoga a úsáid chun críocha buiséadaithe mar aon le ráitis airgeadais a chur i láthair.
8. CAD/CAM – dearadh táirge.
9. PowerPoint – chun cur i láthair a dhéanamh faoin gcuideachta/comórtais fiontraíochta.

4 @ 2m
(1 + 1)
1m – modh
1m – úsáid

Leathanach Bán

Leathanach Bán